

Gníomhaíochtaí Daltaí: Cad a tharlaíonn nuair a shuimítear tairiseach coiteann le gach sonra ar leith?

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Mar a athraíonn an meán nuair a shuimítear tairiseach coiteann le gach uimhir i dtacar sonraí” ar CD an Dalta

1. Ríomh meán an tacair shonraí seo a leanas ar an ngnáthbhealach: 5, 4, 3, 2, 1.

2. Cuir an tacar sonraí 5, 4, 3, 2, 1 sa chomhad idirghníomhach. Cliceáil saighead a dó chun an meán a ríomh.

3. Ríomh meán an tacair shonraí seo a leanas ar an ngnáthbhealach: 10, 9, 8, 7, 6.

4. Cuir 5, tairiseach coiteann, isteach sa chomhad idirghníomhach, agus cliceáil chun an meán nua a ríomh. Mínigh cad a dhéanann sé sin do gach sonra ar leith, agus cláraigh an meán nua.

5. Déan an rud céanna arís, le tairisigh choiteanna dhifriúla. An dtugann tú aon ghaol faoi deara idir an meán a bhí ann sular suimíodh tairiseach coiteann, agus an meán nua tar éis an tairiseach coiteann a shuimiú?

6. Cad a tharlaíonn do mheán an tacair shonraí nuair a shuimítear tairiseach coiteann le gach sonra ar leith sa tacar sonraí?

7. Más é 55 an meán atá ag tacar sonraí ina bhfuil 100 sonra, agus má shuimítear 10 le gach sonra ar leith, cad é an meán nua?

8. Má shuimítear 5 le gach sonra i dtacar sonraí agus más é 23 an meán ansin, cén meán a bhí ann i dtosach?
